

# Uimhreas: Uimhriú agus comhaireamh – Moltaí don timpeallacht foghlama



## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA


- Cruthaigh cultúr sa seomra ranga mar a mbeadh deiseanna ann chun smaointe agus straitéisí a chomhroinnt agus a dhéanamh soiléir in éineacht le piaraí.
- Socraigh bord ar a mbeadh láimhseoga éagsúla mata amhail licíní, bloic bhonn a deich, uimhirlínte, abacas agus uirlisí éagsúla a bhféadfadh páistí teacht orthu agus iad a úsáid le linn gníomhaíochtaí grúpa nó aonair.
- Tabhair deiseanna do pháistí chun réasúnaíocht a dhéanamh agus a smaointeoireacht a léiriú trí réimse de láimhseoga (fisiceach nó fíorúil) a chur ar fáil.
- Deiseanna a shainaithint agus a úsáid chun plé a dhéanamh ar an meastachán agus ar an gcomhaireamh le linn gníomhaíochtaí i rith an lae scoile, m.sh., *cá mhéad peann luaidhe a theastaíonn uainn don bhord dearg? Cá mhéad páiste atá ar scoil/as láthair inniu?*
- Cuir stáisiún 'Cluichí Mata' ar bun ag a mbeadh éagsúlacht de chluichí agus de phuzail uimhris, amhail biongó uimhreacha, cluichí cártaí comhairimh, chun páistí a chur i mbun gníomhaíochtaí spraíúla comhairimh agus uimhrithe.
- Gníomhaíochtaí gearra uimhrithe agus comhairimh a thabhairt isteach sna gnáthaimh laethúla, amhail cruinnithe maidine nó amanna aistrithe chun coincheapa a dhaingniú ar bhonn comhsheasmhach.
- Réimse de ghníomhaíochtaí spéisiúla spraíúla comhairimh a chur ar fáil do pháistí chun tacú le forbairt na tuisceana agus na líofachta coincheapúla, m.sh., *filíocht a aithris, amhráin a rá, cluichí cártaí amhail Snap agus 'Níos Airde nó Níos Ísle', cluichí boird amhail Nathracha agus Dréimirí agus Ceangail 4, srl.*







## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Dúshláin a thabhairt isteach a dtabharfaí fúthu lasmuigh den seomra ranga m.sh., *dul i bpáirt le rang eile chun páirt a ghlacadh i dtóraíocht taisce comhairimh, chun braistint spraoi agus gnóthachtála ó thaobh scileanna uimhearthachta de a chothú.*
- Na páistí a thabhairt amach ar shiúlóid dúlra mar a bhféadfaidís rudaí éagsúla a d'aimseoidís a chomhaireamh amhail crainn, bláthanna nó carraigeacha. Iad a spreagadh lena gcomhaireamh a thaifeadadh, ag úsáid marcanna scóir, uimhreacha, srl. i ndialann.
- Conair mhata a chruthú i gclós na scoile nó sa chomharsanacht áitiúil, mar shampla, i bpáirc nó i gclós súgartha áitiúil ar a mbeadh stáisiúin le go bhféadfadh páistí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhairimh amhail céimeanna comhairimh, líon na luascán i gclós súgartha a chomhaireamh nó cairt scóir a choimeád de líon na n-éan a d'fheicidís.
- Cluichí mata a eagrú amuigh faoin aer mar a n-imreodh na páistí cluichí a mbeadh téamaí uimhrithe ag baint leo amhail cleas na bacóide, agus cearnóga uimhrithe ann nó málaí pónairí a chaitheamh le spriocanna uimhrithe, nó rás sealaíochta comhairimh.
- An chaoi a n-úsáidtear uimhreacha sa saol mór a fhiosrú agus a phlé, m.sh., *chun scóir a thaifeadadh sa spórt, sa tsiopadóireacht, san ailtireacht agus sa dearadh, chun faisnéis agus staitisticí a thaifeadadh, srl.*





Arna fhorbairt i gcomhar le **Rachel Brennan, Múinteoir Bunscoile, Co. Átha Cliath**